An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**EUCO 20/23**

**CO EUR 16**
**CONCL 6**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (14 agus 15 Nollaig 2023)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN ÚCRÁIN

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an cáineadh géar a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, cogadh ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil an tAontas Eorpach ag tacú go daingean le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad agus le ceart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint in aghaidh fhogha na Rúise.

2. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí a ghlac sí roimhe seo agus dearbhaíonn sí go bhfuil rún daingean ag an Aontas Eorpach leanúint de thacaíocht láidir, pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá.

3. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit d'aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha mhíleata agus chosanta na hÚcráine. Go háirithe, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé tacaíocht mhíleata, thráthúil, intuartha agus inbhuanaithe a thabhairt don Úcráin, go mór mór tríd an tSaoráid Eorpach Síochána agus trí Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais, agus trí chúnamh déthaobhach ó na Ballstáit. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a phráinní atá sé dlús a chur le seachadadh diúracán agus armlóin, go háirithe faoi thionscnamh an mhilliúin urchar armlóin airtléire, agus níos mó córais aerchosanta a chur ar fáil don Úcráin.

   Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle dlús a chur leis an obair maidir leis an tSaoráid Eorpach Síochána a athchóiriú agus maidir lena maoiniú a mhéadú tuilleadh, ag tógáil ar an togra ón Ardionadaí.

   Tá an tAontas agus na Ballstáit tiomanta i gcónaí rannchuidiú, san fhadtéarma agus i gcomhar lena gcomhpháirtithe, leis na gealltanas slándála a tugadh don Úcráin, rud a chuideoidh leis an Úcráin í féin a chosaint, cur in aghaidh na n-iarrachtaí díchobhsúcháin agus bac a chur ar ghníomhartha foghacha amach anseo. I bhfianaise na tuairisce ón Ardionadaí, phléigh an Chomhairle Eorpach na gealltanais slándála a thabharfar don Úcráin amach anseo. Iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit dul chun tosaigh leis an obair sa Chomhairle. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach súil ghéar ar an ábhar sin.

Agus an tacaíocht mhíleata sin agus na gealltanais slándála sin á gcur i gcrích, tabharfar lánurraim do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

4. De réir mar a leanann an Rúis lena hionsaithe ar bhonneagar sibhialta agus criticiúil na hÚcráine, cuirfidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit dlús le soláthar cúnaimh dhaonnúil bhreise agus cosanta sibhialta breise don Úcráin, mar aon le cúnamh le go mbeidh a hearnáil fuinnimh in ann an fód a sheasamh i rith an gheimhridh. Thairis sin, leanann an tAontas Eorpach dá thiomantas tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine, i gcomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear tacú leis an bpróiseas dímhianúcháin agus leis an athshlánú síceasóisialta.

5. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit dá ndian-iarrachtaí domhanda for-rochtana agus de bheith ag obair i gcomhar leis an Úcráin agus le comhpháirtithe ó gach cearn den domhan chun an tacaíocht idirnáisiúnta is leithne is féidir a áirithiú do shíocháin chóir chuimsitheach mharthanach agus do phríomhphrionsabail agus do phríomhchuspóirí Fhoirmle Shíochána na hÚcráine, d'fhonn Cruinniú Mullaigh Domhanda Síochána a thionól amach anseo.

6. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair go ndéanfaí dul chun cinn cinntitheach, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, féachaint cé mar is féidir an t-ioncam urghnách atá i seilbh eintiteas príobháideach anois agus a thagann go díreach ó shócmhainní reoite na Rúise, cé mar is féidir é a úsáid chun tacú le téarnamh agus atógáil na hÚcráine, i gcomhréir leis na hoibleagáidí conarthacha is infheidhme, agus i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, tugann sí dá haire na tograí a rinneadh le déanaí maidir le hioncam urghnách a eascraíonn as sócmhainní reoite Rúiseacha.

7. Ní mór an Rúis agus a lucht ceannais a thabhairt chun cuntais go huile agus go hiomlán as an gcogadh foghach atá á fhearadh acu ar an Úcráin agus as coireanna tromchúiseacha eile faoin dlí idirnáisiúnta, agus as an damáiste ollmhór atá déanta ag an gcogadh sin. Molann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí, lena n-áirítear sa Chroíghrúpa, chun binse a mbeadh an tacaíocht agus an dlisteanacht thrasréigiúnach is leithne aige a bhunú chun coir an fhogha faoin Úcráin a ionchúiseamh, agus chun sásra cúitimh a bhunú amach anseo; athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin, clár a bhunaigh Comhairle na hEorpa, mar chéim tosaigh nithiúil sa treo sin. Iarrann sí freisin ar gach stát Coinbhinsiún na Háige (Liúibleána) um Chomhar Idirnáisiúnta i ndáil le Coir an Chinedhíothaithe, Coireanna in aghaidh an Chine Dhaonna, Coireanna Cogaidh agus Coireanna Idirnáisiúnta eile a Imscrúdú agus a Ionchúiseamh, a shíniú agus a dhaingniú go pras. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach freisin go dtacaíonn sí le hobair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus cáineann sí iarrachtaí leanúnacha na Rúise an bonn a bhaint dá sainordú agus dá feidhmiú idirnáisiúnta.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a hiarraidh phráinneach ar an Rúis agus ar an mBealarúis go n-áiritheoidís go bhféadfadh gach leanbh Úcránach agus gach saoránach eile de chuid na hÚcráine a díbríodh agus a aistríodh go neamhdhleathach, go bhféadfaidís filleadh ar an Úcráin go sábháilte.

9. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach cumas feartha cogaidh na Rúise a lagú, lena n-áirítear trína smachtbhannaí a neartú a thuilleadh, agus trína gcur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach agus an teacht timpeall orthu a chosc, go háirithe i gcás earraí ardriosca, i ndlúthchomhar lenár gcomhpháirtithe agus lenár gcomhghuaillithe. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh an 12ú pacáiste smachtbhannaí. Is díol sásaimh di freisin an comhaontú ar thángthas air faoin Treoir maidir le sainmhíniú na gcionta coiriúla agus na bpionós coiriúil i leith sárú bhearta sriantacha an Aontais. Cáineann an Chomhairle Eorpach an tacaíocht mhíleata atá á tabhairt i gcónaí ag an Iaráin, ag an mBealarúis agus ag DPDC do chogadh foghach na Rúise. Tathantaíonn sí freisin ar gach tír gan tacaíocht ábharach ná eile a chur ar fáil do chogadh foghach na Rúise. Leanfaidh an tAontas Eorpach dá chuid oibre lena chomhpháirtithe chun cur i gcoinne insintí bréagacha agus bréagaisnéis na Rúise faoin gcogadh.

10. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá an tslándáil agus an chobhsaíocht sa Mhuir Dhubh. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh onnmhairí gráin na hÚcráine inbhuanaithe agus go sroichfidh na honnmhairí sin na margaí domhanda. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach le gach iarracht le gurbh fhusa a bheadh sé grán agus táirgí talmhaíochta eile de chuid na hÚcráine a onnmhairiú chuig na tíortha is mó i ngátar, go háirithe san Afraic agus sa Mheánoirthear. Leagann an Chomhairle Eorpach béim freisin ar a thábhachtaí atá sé lánacmhainneacht a bhaint as Lánaí Dlúthpháirtíochta an Aontais, agus iarrann sí ar an gCoimisiún dlús a chur leis an obair leis na Ballstáit chun bearta nua a mholadh d'fhonn acmhainneacht gach ceann de na Lánaí Dlúthpháirtíochta a fhorbairt a thuilleadh.

11. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt do Phoblacht na Moldóive agus don tSeoirsia agus aghaidh á tabhairt acu ar na dúshláin atá acu de dheasca chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

## II. <u>AN MEÁNOIRTHEAR</u>

12. Bhí díospóireacht straitéiseach dhomhain ag an gComhairle Eorpach maidir leis an Meánoirthear.

## III. <u>MÉADÚ AGUS ATHCHÓIRITHE</u>

13. Agus Dearbhú Granada á mheabhrú aici, cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir gur infheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas is ea an méadú. Is spreagadh é chun feabhas a chur ar dhálaí eacnamaíocha agus sóisialta na saoránach Eorpach, chun éagothromaíochtaí ó thír go tír a laghdú agus caithfidh sé na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe a chothú. Agus ionchas ann go dtiocfaidh méadú ar an Aontas amach anseo, ní mór do na tíortha a bheidh ina mBallstáit nua, agus don Aontas, a bheith faoi réir, tráth an aontachais. Ba cheart an obair ar an dá thaobh a chur chun cinn go comhthreomhar. Na tíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit amach anseo, ní mór dóibh dlús a chur lena n-iarrachtaí um athchóiriú, go háirithe i réimse an smachta reachta, i gcomhréir le cineál fiúntasbhunaithe an phróisis aontachais agus le cúnamh ón Aontas. Ag an am céanna, ní mór don Aontas an obair bhunaidh inmheánach agus na hathchóirithe inmheánacha is gá a dhéanamh, uaillmhianta fadtéarmacha an Aontais agus na bealaí chun iad a bhaint amach a leagan síos, agus aghaidh a thabhairt ar phríomhcheisteanna a bhaineann lena thosaíochtaí agus lena bheartais chomh maith lena inniúlacht ghníomhaíochta. Is láidre de sin a bheidh an tAontas agus is fearrde a bheidh a cheannasacht.

14. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach conclúidí ón gComhairle an 12 Nollaig 2023 maidir le méadú. Ag tógáil ar an bpacáiste um méadú a thíolaic an Coimisiún an 8 Samhain 2023, cinneann an Chomhairle an méid seo a leanas:

*An Úcráin agus Poblacht na Moldóive*

15. Cinneann an Chomhairle Eorpach tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Úcráin agus le Poblacht na Moldóive maidir le haontachas.

Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle na creataí caibidlíochta faoi seach a ghlacadh a luaithe a ghlacfar na céimeanna ábhartha a leagtar amach sna moltaí faoi seach ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023.

*An tSeoirsia*

16. Cinneann an Chomhairle Eorpach freisin stádas tír is Iarrthóir a dheonú don tSeoirsia, ar an tuiscint go ndéanfar na céimeanna ábhartha a leagtar amach sa mholadh ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023.

*An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin*

17. Cuirfidh an Chomhairle Eorpach tús leis an gcaibidlíocht leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin maidir le haontachas, a luaithe a bhainfear amach an leibhéal comhlíontachta is gá i dtaobh na gcritéar ballraíochta.

Iarrann sí ar an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt don Chomhairle i mí an Mhárta 2024 ar a dhéanaí maidir leis an dul chun cinn d’fhonn cinneadh a dhéanamh.

*An Mhacadóin Thuaidh*

18. Tá an tAontas Eorpach faoi réir le clabhsúr a chur ar an gcéim thosaigh den chaibidlíocht aontachais leis an Macadóin Thuaidh a luaithe a chomhlíonfaidh sí an gealltanas a thug sí na hathruithe bunreachtúla dá dtagraítear sna conclúidí ón gComhairle an 18 Iúil 2022 a thabhairt chun críche, i gcomhréir lena cuid nósanna imeachta inmheánacha. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Macadóin Thuaidh dlús a chur le tabhairt chun críche na n-athruithe sin.

*Na Balcáin Thiar*

19. Agus a tiomantas do pheirspictíocht Eorpach na mBalcán Thiar á athdhearbhú aici, iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús lena bpróiseas aontachais.

20. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le plean fáis nua do na Balcáin Thiar, arb é is aidhm dó luas a chur faoin gcóineasú socheacnamaíoch idir na Balcáin Thiar agus an tAontas Eorpach, bunaithe ar choinníollachtaí dochta, agus molann sí don réigiún géarú ar luas na n-athchóirithe a bhaineann leis an Aontas, agus an comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach a chur chun cinn tríd an gcómhargadh réigiúnach, bunaithe ar rialacha agus ar chaighdeáin an Aontais.

21. Tá an Chomhairle Eorpach tiomanta i gcónaí don chomhtháthú idir an tAontas Eorpach agus an réigiún a chur chun cinn de réir a chéile le linn phróiseas an mhéadaithe féin ar bhealach inchúlaithe agus fiúntasbhunaithe.

*Athchóirithe*

22. Le go n-éireoidh leis an lánpháirtiú Eorpach, agus an tAontas ag méadú amach anseo, ní mór go gcuirfí beartais an Aontais in oiriúint don todhchaí agus go mbeidís á maoiniú ar bhealach inbhuanaithe, bunaithe ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, agus go leanfadh institiúidí an Aontais de bheith ag feidhmiú go héifeachtach.

23. Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar athchóirithe inmheánacha ag na cruinnithe atá le teacht d'fhonn conclúidí a ghlacadh faoi shamhradh 2024 maidir le treochlár don obair atá le déanamh amach anseo.

## IV. CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL 2021-2027

24. Phléigh an Chomhairle Eorpach an t-athbhreithniú ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 mar a leagtar amach in EUCO 23/23 é, agus thacaigh 26 Cheann Stáit nó Rialtais leis go daingean. Pléifidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar sin arís go luath sa bhliain úr.

## V. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

25. I gcomhthéacs na héagobhsaíochta domhanda, na hiomaíochta straitéisí agus na mbagairtí slándála, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé slándáil agus cosaint na hEorpa a neartú le go mbeidh Aontas geopholaitiúil uaillmhianach againn. Ní mór don Aontas tuilleadh freagrachta a ghabháil air féin maidir lena shlándáil agus a chosaint féin, agus ní mór dó tabhairt faoi chúrsa straitéiseach gníomhaíochta agus cur lena chumas gníomhú go neamhspleách.

26. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an obair a rinneadh chun na conclúidí a ghlac sí roimhe seo, Dearbhú Versailles agus an Compás Straitéiseach a chur chun feidhme, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí tuilleadh fós chun cuspóirí an Aontais a chomhlíonadh maidir leis an ullmhacht cosanta a mhéadú agus an caiteachas cosanta a mhéadú ar bhealach comhoibríoch, lena n-áirítear an infheistíocht i réimse na cosanta agus na forbartha cumais a fheabhsú, agus margadh comhtháite éifeachtach a bhaint amach don chosaint. Go háirithe, déanann an Chomhairle Eorpach an méid a leanas:

    a) iarrann sí go gcuirfí na bearta atá ann cheana chun feidhme mar ábhar práinne chun soláthar comhpháirteach a éascú agus a chomhordú agus chun idir-inoibritheacht agus acmhainneacht táirgeachta thionscal cosanta na hEorpa a mhéadú chun stoic na mBallstát a athlíonadh, go háirithe i bhfianaise na tacaíochta atá le tabhairt don Úcráin;

    b) iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, Straitéis Eorpach maidir le Tionsclaíocht i réimse na Cosanta a thíolacadh go pras, lena n-áirítear togra le haghaidh Clár Eorpach Infheistíochta um Chosaint, i bhfianaise a riachtanaí atá sé go ndéanfaí bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí a neartú, lena n-áirítear FBManna, agus é a dhéanamh níos nuálaí, níos iomaíche agus níos athléimní;

c) leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go leanfaí de mhargadh comhtháite a fhorbairt i réimse na cosanta chun slabhraí soláthair trasteorann a threisiú, teicneolaíochtaí criticiúla a áirithiú agus iomaíochas thionscal cosanta na hEorpa a fheabhsú. Chuige sin, ba cheart creat rialála an Aontais le haghaidh earnáil thionsclaíoch na cosanta a oiriúnú chun idir-inoibritheacht, caighdeánú agus comhchuibhiú na bpróiseas deimhniúcháin a fheabhsú agus chun go bhféadfar gníomhú ar bhealach níos tapúla agus níos solúbtha, go háirithe maidir le soláthar poiblí;

d) In oirchill na chéad Tuarascála Bliantúla eile ar Dhul Chun Cinn an Chompáis Straitéisigh agus i gcomhréir leis na gealltanais a thug na Ballstáit rannpháirteacha faoi chuimsiú an bhuanchomhair struchtúrtha (PESCO), iarrann sí go gcuirfí dlús leis an obair chun ullmhacht, athléimneacht agus slándáil chosanta an Aontais a mhéadú, lena n-áirítear tríd an méid a leanas: infheistíocht sa chosaint, an tsoghluaisteacht mhíleata, freachnaimh bheo rialta agus feabhsú na slándála spáis, comhrac na gcibearbhagairtí agus na mbagairtí hibrideacha, aghaidh a thabhairt ar an ionramháil agus ar an gcur isteach eachtrach ar fhaisnéis bunaithe ar an mbosca uirlisí a bunaíodh le déanaí, lena n-áirítear go bhféachfaí an bhféadfaí bearta sriantacha nua a úsáid, agus treisiú fhorbairt chomhoibríoch na gcumas is gá chun raon iomlán na misean agus na n-oibríochtaí a dhéanamh, go háirithe trí bhíthin chur chun feidhme acmhainneacht mhear-imscartha an Aontais;

e) iarrann sí ról feabhsaithe a bheith ag Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta mar thaca le slándáil agus cosaint na hEorpa, ag tógáil ar Thionscnamh Straitéiseach an bhainc um Shlándáil na hEorpa;

f) iarrann sí go leanfaí den obair chun an comhshocrú sibhialtach CBSC nua a neartú, i bhfianaise na gconclúidí ón gComhairle maidir le comhshocrú sibhialtach CBSC nua a glacadh an 11 Nollaig 2023.

27. Ach an tAontas Eorpach a bheith níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, rud a chomhlánóidh ECAT, arb é bunchloch na cosanta comhchoitinne ag a chomhaltaí i gcónaí é. Ní dochar an méid sin do chineál sonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile á gcur san áireamh.

## VI. AN IMIRCE AGUS ÁBHAIR EILE

### *An imirce*

28. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an imirce agus thug sí dá haire an litir a scríobh Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ar na mallaibh.

29. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag saothrú cur chuige cuimsitheach i leith na himirce ina gcomhcheanglófar gníomhaíocht sheachtrach mhéadaithe, comhpháirtíochtaí cuimsitheacha le tíortha tionscnaimh agus idirthurais a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh, lena dtabharfar aghaidh ar na bunchúiseanna atá leis an imirce, deiseanna le haghaidh imirce dhleathach, cosaint níos éifeachtaí theorainneacha seachtracha an Aontais, an choireacht eagraithe, gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil daoine, ionstraimiú na himirce mar bhagairt hibrideach a chomhrac go diongbháilte, agus dlús a chur le filleadh.

### *Ionsaithe hibrideacha*

30. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir gach ionsaí hibrideach, lena n-áirítear ionstraimiú imirceach arna dhéanamh ag tríú tíortha chun críoch polaitiúil, agus tá rún daingean aici i gcónaí a áirithiú go ndéanfar rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach na hionsaithe hibrideacha leanúnacha ag a theorainneacha seachtracha a bhíonn á seoladh ag Cónaidhm na Rúise agus ag an mBealarúis a chomhrac.

***COP28***

31. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur tugadh Comhdháil COP28 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide agus an chéad athbhreithniú domhanda ar Chomhaontú Pháras i gcrích go rathúil, go háirithe an comhaontú chun dlús a chur le laghduithe astaíochtaí i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 agus an comhaontú maidir le hastaíochtaí domhanda a laghdú 43 % faoi 2030 agus 60 % faoi 2035 i gcoibhneas le leibhéal 2019, i gcomhréir leis an eolaíocht is fearr atá ar fáil, le go mbeidh an cuspóir 1.5 °C fós insroichte. Is díol sásaimh di freisin gur chomhaontaigh na páirtithe uile aistriú ó bhreoslaí iontaise i gcórais fuinnimh.

## VII. AN CAIDREAMH IDIR AN tAONTAS AGUS AN TUIRC

32. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an tuarascáil chomhpháirteach ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le staid na himeartha i ndáil leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc, agus fillfidh sí ar an ábhar sin ag ceann de na cruinnithe a bheidh ag an gComhairle Eorpach amach anseo.

## VIII. COMHRAC AN FHRITHSHEIMÍTEACHAIS, AN CHINÍOCHAIS AGUS NA SEINEAFÓIBE

33. Agus an-imní uirthi faoi na teagmhais uafásacha a tharla le déanaí, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go gcáineann sí go ríghéar gach cineál fuatha, éadulaingthe, frithsheimíteachais, ciníochais agus seineafóibe, lena n-áirítear an fuath do na Moslamaigh. Meabhraítear di sa chomhthéacs sin Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh in aghaidh an chiníochais agus an Straitéis Eorpach maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, ar den bhunriachtanas go gcuirfí chun feidhme go pras iad ar mhaithe le slándáil na bpobal Giúdach.

## IX. CLÁR OIBRE STRAITÉISEACH

34. Tar éis an chruinnithe neamhfhoirmiúil in Granada agus tar éis na gcomhairliúchán a bhí ann ina dhiaidh, agus aird á tabhairt ar na cuspóirí fadtéarmacha an tAontas a dhéanamh níos láidre agus é a ullmhú le fáilte a chur roimh Bhallstáit nua, leanfaidh an Chomhairle Eorpach dá cuid oibre ar an gClár Oibre Straitéiseach nua, lena saineofar tosaíochtaí an Aontais agus na bealaí chun iad a bhaint amach sna blianta amach romhainn agus lena gcuirfear treoraíocht ar fáil don Aontas le linn an chéad timthrialla institiúidigh eile. Glacfaidh sí an chéad Chlár Oibre Straitéiseach eile faoi shamhradh 2024.